

☘ An Lúibín ☘

20 Meán Fómhair 2022

Droch-chóiríú agus athchóiríú

The Irish government is seeking more Irish-speaking public servants. The education system cannot supply them: fluent teachers are scarce at every level, as are fluent students. Reforms are necessary, though unlikely.

Le déanaí chuir *Tuairisc.ie* in iúl dúinn arís go bhfuil sé de chuspóir ag an reachtaíocht teanga nua gur cainteoirí Gaeilge iad 20% d'earcaigh nua sa tseirbhís phoiblí faoi 2030.¹ Maítear, áfach, gur gá méadú mór a dhéanamh ar líon na scoileanna Gaeilge ag an dara leibhéal.

Duine as gach cúigear ó dheas a lorg seirbhísí trí Ghaeilge ón stát nó ó chomhlacht poiblí, de réir pobalbhreithe nua. Tugtar léargas sa suirbhé, a choimisiúnaigh Conradh na Gaeilge, ar líon na ndaoine ar mian leo go ndéanfaí freastal orthu i nGaeilge agus iad ag plé leis an stát. Dúirt 19% den phobal ó dheas gur iarr siad seirbhísí trí Ghaeilge ón stát nó ó chomhlacht seirbhíse poiblí. Ardú beag a bhí ansin ar an 17% a dúirt amhlaidh nuair a cuireadh an cheist chéanna in 2019.

Ba dhíol spéise iad tuairimí na dtráchtairí. Ar na daoine sin bhí Muireann Ní Mhóráin, bean a bhfuil sár-eolas aici ar an scéal: 'Aitheanta ag an Roinn Oideachais nach bhfuil caighdeán sásúil Gaeilge ag líon ard bunmhúinteoirí agus céimithe Gaeilge sna hiar-bhunscoileanna'. Deir sí go bhfuil práinn le cúrsaí athnuachana a chur ar fáil, saor in aisce, mar a rinneadh do mhúinteoirí Mata roinnt blianta ó shin. (Níl aon amhras aici ná go bhfuil an ceart aici faoin droch-Ghaeilge atá ag an oiread sin múinteoirí, rud a bhfuil cúiseanna éagsúla leis.)

An tuairim céanna, mórán, a bhí ag duine eile agus í tuirseach den 'seanphort céanna'. Deir sí nach bhfuil seans ag céimithe greim a fháil ar an teanga mura bhfuil Gaeilge i bhfad níos fearr ag léachtóirí tríú leibhéal. Gan trácht, a deir sí, 'ar an droch-chaighdeán Gaeilge atá ag líon ard múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus iad ag teagasc trí Bhéarla le cead bhainistíocht na scoileanna sin'.

Deir duine eile é seo: 'Má tá dóthain múinteoirí cáilithe le bheith ann chun an Ghaeilge a mhúineadh, ní mór coláiste oiliúna a bhunú a fheidhmeos go hiomlán trí mheán na Gaeilge – ón nóiméad a dhéanfaidh na mic léinn agus na hiní léinn teagmháil leis an gcoláiste an chéad uair go dtí go siúlfaidh siad amach an doras agus céim san oideachas ina nglaic acu'. (Bhíodh a leithéidí ann, ar ndóigh, gur chuir an rialtas deireadh leo sna 1960idí.)

Mar a deir Julian de Spáinn (Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge): 'Tá an líon daoine atá ag déanamh go maith san ábhar tar éis méadú go suntasach ó 2019, ach an bhfuil cumas breise sa Ghaeilge ag daoine mar thoradh air seo?'. Is dóigh leis gur míthid an Ardteist agus an córas oideachais trí chéile a bhunú ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach.²

D'fhiafródh eachtrán ó réaltra eile, b'fhéidir, cén fáth ar gá iarracht a dhéanamh ar an teanga a chur ar a seanléim arís agus leagan bríomhar blasta den teanga Éireannach eile úd (Béarla) ar a thoil ag gach duine. An gá géilleadh ar fad d'idé-eolaíocht chultúrtha a fásceadh as ré eile? Ceist í sin a bhfuil bunús léi fós, más olc maith linn é. Is léir faoin am seo go bhfuil sé fíordheacair, ar a lán cúiseanna, Gaeilge a mhúineadh go héifeachtach sna scoileanna go léir, go háirithe i scoileanna lán-Bhéarla. Ní féidir anois a bheith ag brath ar an nGaeltacht chun múinteoirí líofa a sholáthar; ní mór coláistí oiliúna a bhunú a sholáthróidh na múinteoirí sin, mar a luadh thuas. Más cóir an Ghaeilge a choinneáil mar ábhar scoile (ar chúiseanna a bhaineann le hidé-eolaíocht, le dúchas, le hoidhreach), bíodh speisialtóirí teanga ar fostú sna bunscoileanna lán-Bhéarla. Agus bíodh múinteoirí líofa ar fáil go flúirseach i ngach scoil lán-Ghaeilge. Mura féidir na rudaí seo a dhéanamh, admhaítear nach fiú an iarracht a dhéanamh.

Tugann taighde a rinne Conradh na Gaeilge léargas eile ar staid mhíshocair na Gaeilge in Éirinn. Ní dhéanann ach timpeall 1% de mhic léinn cúrsa tríú leibhéal nó cuid de chúrsa tríú leibhéal trí Ghaeilge; b'fhearr leis an

¹ <https://tuairisc.ie/ni-fiu-a-bheith-ag-caint-ar-earcu-cainteoiri-gaeilge-gan-a-thuilleadh-scoileanna-lan-gaeilge/>: Meadhbh Ní Eadhra, Dé Luain, Lúnasa 15 2022

² <https://tuairisc.ie/an-ghaeilge-sa-choras-oideachais-seachnaionn-siad-na-fadhbanna-in-ionad-iad-a-aithint/>

gConradh go mbeadh 5% á dhéanamh ar a laghad. Deir 54% den phobal a ceistíodh gur chóir go mbeadh níos mó cúrsaí ann a mbeadh Gaeilge mar chuid díobh. Anuraidh níor fhreastail ach beagnach 2,700 mac léinn ar chúrsa a raibh an Ghaeilge mar chuid de, rud a léiríonn a laghad a chuaigh teagasc na Gaeilge i bhfeidhm orthu ar scoil. Is airde ná sin céatadán na ndaltaí bunscoile atá ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge – 8%; agus tá 4% de dhaltaí iarbhunscoile ag freastal ar mheánscoileanna lán-Ghaeilge. Scoileanna dá leithéid, seachas scoileanna an éigeantais, atá ag cur na Gaeilge chun cinn.

Maítear uaireanta go bhfuil 23% de scoileanna na Breataine Bige ag obair trí Bhreatnais, le hais 6% de scoileanna in Éirinn atá ag obair trí Ghaeilge. Ach cuimhnimis go bhfuil Breatnais ag 19% de phobal na Breataine Bige fós (timpeall 890,000 duine) agus méadú éigin tagtha ar líon na gcainteoirí le blianta beaga anuas. Tá 180,200 cainteoir Gaeilge ar a laghad sa Phoblacht, idir chainteoirí laethúla agus chainteoirí seachtainiúla, ach níl san fhigiúr sin (ar fomheastachán é, gan dabht) ach 3% den daonra.

Tar éis an tsaoil, tá ciall leis an méid a scríobh Méabh Ní Choileáin, scoláire Fulbright, faoin nGaeilge in 2016:

Though it is unique to this country, perhaps treating it like just another language is the highest mark of respect we can bestow upon it. Perhaps it isn't necessarily about loving it. In fact, perhaps we need to be a little less emotional from every angle. Perhaps we just need to learn to respect that it is a language in its own right, and learn to take pride in it that way.³

Féach caint a thug Muireann Ní Mhóráin in 2017: 'Cá bhfuil ár dtriall?'
https://www.youtube.com/watch?v=L5ATQth__SQ



Villanova

Villanova University in Pennsylvania is one of many colleges and universities in the States which offer Irish as a subject.

Deirtear go bhfuil Gaeilge á múineadh i mbeagnach céad coláiste agus ollscoil sna Stáit Aontaithe, Harvard agus Notre Dame ina measc. Agus ní hiad sliocht na nÉireannach amháin atá ag foghlaim na teanga – tá mic léinn ann a bhfuil pór eile ar fad iontu. Anois tá múineadh na Gaeilge le neartú in: Ollscoil Villanova in Pennsylvania, foras a bhunaigh Agaistíngh ó Éirinn in 1842.



Ollscoil Villanova
Wikimedia Commons

I bhfómhar na bliana 2023 ceapfar Ollamh Cúnta chun cultúr agus teanga na hÉireann a mhúineadh. Tá stair ag roinnt leis sin. Bunaíodh Clár an Léinn Éireannaigh in 1979 agus tá Gaeilge á múineadh ó 2011. In 2016 rinneadh Lárionad Léinn Éireannaigh den Chlár agus seacht ndisciplín ag baint leis.

Téann an Lárionad i gcomhar lena lán grúpaí Gael-Mheiriceánach sa cheantar máguaird (Irish Immigration Center, Friendly Sons of St. Patrick, Irish American Business Chamber and Network, agus eile), rud a léiríonn cé chomh tathagach is atá an cultúr Gaelach (nó leath-Ghaelach) úd san Oileán Úr. Níl a leithéid le fáil san Astráil, rud a bhaineann leis an gcluain a chuireann Meiriceá ar inimircigh ó Éirinn go fóill.



Cúram na Gaeilge san Astráil

³ 'Why am I teaching Irish to American university students?' Méabh Ní Choileáin, *Irish Times*, 13/3/2016:
<https://www.irishtimes.com/life-and-style/abroad/generation-emigration/why-am-i-teaching-irish-to-american-university-students-1.2569848>

Irish, like other Celtic languages, receives little support at tertiary level in Australia. This has left the field open to those outside the academy.

Tríd is tríd, tá faill déanta ag ollscoileanna na hAstráile sa Ghaeilge mar ábhar, má tá ranna léinn Cheiltigh acu ar chor ar bith. Is iondúil go bhfágfar taighde agus teagasc mar chúram ar dhreamanna eile nó ar dhaoine aonair, rud atá difriúil go leor leis an scéal sna Stáit Aontaithe.

In Melbourne agus in áiteanna eile, mar shampla, tá scata de scoláirí neamhspleácha a chuireann de dhua orthu féin staidéar a dhéanamh ar stair na teanga san Astráil. Tá an Australian School of Celtic Learning ann, foras léinn a bhunaigh an Dr Pamela O'Neill, fiontraí léinn, in 2017,⁴ agus é dírithe ar na meánaoiseanna, Sean-Ghaeilge, Nua-Ghaeilge agus Gaeilge na hAlban. Tionscadal cuimsitheach atá ann - ranganna ar líne, seimineáir ghréasáin, turais staidéir, in éineacht le ranganna ar líne agus taighde áitiúil nó teaghlaigh. Agus tá eagraíochtaí níos traidisiúnta ann - Cumann Gaeilge na hAstráile, Canberra Irish Language Association, Irish Language School Sydney – agus ranganna Gaeilge acu.

Tá sinsear Éireannach nó dhó nó trí ag cuid mhaith Astrálach (25% an uimhir a luaitear) ach ní thugann formhór na n-inimirceach ó Éirinn aon Ghaeilge leo, ar ndóigh, agus is léir nach leor de thionchar ag an bpobal Éireannach (nó na fophobail Éireannacha) ar institiúidí léinn chun dúchas na nGael a chur chun cinn. É sin ráite, ní mór an t-éileamh a bheadh ar ranganna Gaeilge sna hollscoileanna agus deis ag daoine an teanga a fhoghlaim ar bheagán costais in áiteanna eile. Mar sin féin, d'fhéadfaí cúrsa tríú leibhéal a chumadh a nascadh teanga, cultúr agus stair le chéile in aon ábhar amháin, rud a d'oirfeadh go maith d'ollscoil i dtaca le saibhreas agus le héagsúlacht. In Melbourne tá acmhainn thábhachtach scoláiríúil le fáil i gColáiste Newman ag Ollscoil Melbourne: Bailiúchán Uí Dhomhnaill agus é lán d'ábhar Gaeilge, idir phaimfléid, leabhair agus lámhscríbhinní.



Coláiste Newman
Wikimedia Commons

Bhíodh Gaeilge á múineadh i scoileanna in Victoria ansiúd is anseo. D'imigh sin agus níor tháinig aon rud ina áit. Ach daoine ann a deir gur féidir é sa dhéanamh arís: orthu sin tá Lonán Fiach Ó Lorgnáin, múinteoir in Melbourne a rinne speisialtacht de theangacha agus a bhfuil Gaeilge ar a thoil aige – chaith sé bliain ag múineadh Gaeilge i ngaelscoil thall in Éirinn. Tá an taighde déanta aige, agus is dóigh leis gur féidir mionchlár a chumadh chun Gaeilge a mhúineadh do dhaltaí scoile go cianda, in Victoria ar dtús agus i stáit eile ina dhiaidh sin.

Lasmuigh de ghnómhairí, foghlaimeoirí agus scoláirí, tá scata beag údar ann.⁵ Agus, ar ndóigh, tá *An Lúibín* ann. Is féidir linn a rá go bhfuil an Ghaeilge beo fós ina lán réimsí, mar sin, agus gura buan í. Ach is féidir linn a rá chomh maith go bhfuil a lán le déanamh fós.



Gnóthaí eachtracha

An Úcráin

The only contemporary European war has brought surprises. Peace, when it comes, may resurrect old problems.

Tá cogáí eile ar siúl seachas an cogadh san Úcráin - i Maenmar, san Aetóip, sa tSiria – agus iad uafásach. Ach tá difríocht ann. San Úcráin tá dhá arm chomhghnásacha ag troid le chéile ar bhlár catha Eorpach a meabhródh an Dara Cogadh Domhanda duit. Maítear nach bhfuil a fhios ag an Uachtarán Putin conas atá an scéal i ndáiríre de dheasca droch-chomhairle. Maítear chomh maith go dtuigeann na hardfheidhmeannaigh atá ina thimpeall cé chomh dona is atá an scéal agus cuid acu ag iompú ar an ól dá bharr – ráfla greannmhar mura masla é. Maíodh fiú go ndearna naimhde Putin sa Rúis féin iarracht ar é a mharú.

⁴ <https://celticlearningcomau.wordpress.com/>

⁵ Seo na húdair : Dymphna Lonergan, Julie Breathnach-Banwait, Colin Ryan.

Tá sean-nathanna an Chogaidh Fhuair le haithint ar an scéal – an Rúis mar arracht san Iarthar agus an Úcráin á hidéalú. É sin ráite, is dócha (mar a deir mórán) go mbaineann an cogadh le dearcadh áirithe sa Rúis ar an Úcráin mar chuid bhunúsach na Rúise ó thaobh na staire de.

Agus leanann an cogadh, rud a thugann neart ábhar cainte do na tráchtairí, maidir le trealamh míleata, polaitíocht, scéalta daonspéise agus tairngireacht. Deir an Úcráin gur maraíodh 50,000 saighdiúir Rúiseach – figiúr ró-ard, is dócha, cé go mbeadh an fíorlíon ard go leor, gan trácht orthu siúd a leonadh. (Ní beag an líon a chaill na hÚcránaigh féin ach oiread.) Tháinig fórsaí na hÚcráine aniar aduaidh ar na Rúisigh agus tá a fhios ag an domhan is a mháthair anois gur chúlaigh siad siúd gan eagar. Léiríodh anseo na fadhbanna atá ag fórsaí na Rúise le tamall anuas –tréigean, cliseadh meanman, easpa smachta. Fir óga gan treoir, mearbhall orthu, scéin iontu: de sin a thagann drochiompar, marú fánach, éigniú, creachadh.

Oifigigh mhaithe a dhéanann arm maith: ach tá oifigigh neamhchoimisiúnaithe in easnamh ar an Rúis – daoine a mbeadh fios a ngnó go maith acu. Dá bhrí sin is deacair daoine a fháil ar cuí ardú céime a thabhairt dóibh. Más fíor gur gá d’arm comhaimseartha a bheith an-fheidhmiúil i gcúrsaí earcaithe, oiliúna agus nuálaíochta, is léir go bhfuil fórsaí na Rúise lag go leor sna cúrsaí sin. Lánghairmiúlacht atá ag teastáil, ach tá an Rúis ag brath, mórán, ar choinscríobhaigh leathoilte agus ar fhir a bhfuil ceangal conartha trí bliana orthu.

Is díol spéise é gur tháinig na mílte bean isteach i bhfórsaí na hÚcráine ó thosaigh an cogadh – tuairim is 50,000 i bpoist chomhraic agus neamhchomhraic. Tá timpeall 10,000 bean ag an bhfronta nó i bpoist a d’fhéadfadh iad a fhágáil sa bhearna bhaoil. Cuimhníonn na hÚcránaigh ar an gcogadh seo mar phobalchomhrac agus cúnaimh gach láimhe ag teastáil chuige.

Go dtí seo bhí comhghuaillithe na hÚcráine ag soláthar seantrealamh míleata nach raibh gá acu leis, ach tá an trealamh sin á ídiú. Níl siad sásta iad féin a lagú trí na tancanna is nua a sholáthar, ach tá airm nua eile ar fáil, gunnaí agus roicéid go háirithe, agus fuair an Úcráin neart airgid: tá an chogaíocht thar a bheith costasach. Agus d’fhág cúlú na Rúiseach a lán tancanna, iompróirí, armlóin agus fearais leictreonaigh i seilbh na hÚcráine. Na tíortha a thug airm den saghas is déanaí uathu tá faille acu anois le fónamh na n-arm sin ar an mblár a fhógairt ar an margadh.

Tá timpeall 20% den Úcráin faoi smacht na Rúiseach fós agus beidh siad daingnithe go maith sna háiteanna atá acu fós. Ach tá sé de bhuntáiste ag na hÚcránaigh go bhfuil a mbuíonta an-seiftiúil i gcath, murab ionann is fórsaí na Rúise. Tá trealamh agus feisteas chomh mór sin in easnamh ar shaighdiúirí Rúiseacha go gcaithfidh a gcairde gaoil feidhm a bhaint as slua-mhaoiniú chun éadach agus earraí míleata a cheannach – rudaí ar ghoid agus ar dhíol baill den arm féin iad. Faigheann fórsaí na hÚcráine an-tacaíocht ó dhaoine aonair agus ón earnáil phríobháideach ar bhealach eile: soláthraítear fearas de gach cineál (dróin, gloiní oíche agus eile), athchóirítear seantrealamh le micrhliseanna, deisítear fearas cumarsáide, agus sin gan trácht ar earraí a chuirtear ón gcoigríoch.

Nuair a chríochnóidh an cogadh caithfidh rialtas Zelensky déileáil lena gcuid fadhbanna féin. Toghadh Zelensky toisc go raibh daoine bréan de mhíriar agus de chaimiléireacht, agus deirtear go bhfuil roinnt caimiléirí i mbun oibre ann go fóill. Rinne Zelensky (arbh fhear grinn é roimh dó dul i gceann polaitíochta) an phríomhpháirt sa dráma grinn teilifíse ‘Searbhónta an Phobail’ faoi ghnáthdhuine a thoghtar gan choinne mar Uachtarán na tíre agus a chaithfidh dul i ngleic le dream cam. Tháinig an tuar faoin tairngreacht. An-cheannaire cogaidh is ea Zelensky – é níos fearr mar sin ná mar a bhí sé mar cheannaire síochána. Tá daoine ann nach maith leo nualibrálachas a rialtais.

Taispeánann na suirbhéanna go mbeadh formhór na nÚcránach sásta an rialtas a leanúint i gcaibidlí síochána. Ach ní tharlóidh sé sin go gcuirfear ruaig ar na Rúisigh, a bheag nó a mhór, agus b’fhéidir nach bhféadfaí an méid a cailleadh a athghabháil ar fad, d’ainneoin na ngealltanais.

Sa chéad eagrán eile: Maenmar.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Dán le Julie Breathnach-Banwait

Tionchar – i ndílchuímhne ar CÓC, (1928-2017)

Sháigh píopa cáim óna bhéal
clabhtha puth deataigh
thar a bhaithis

malaí giobacha tiubha
mar théastar
ar dhíon a shúile

faoi shuan suite
mar sheilidí sramacha
marbhchodlatach,
á gcoinneáil dorcha rúnda
is i bhfad ó dhuine

cor ceoil ina ghlór
is poirt gan patrún
mar fheadaíl gaoithe óna bhéal

a chraiceann buí is caite
mar bhuitais leathair
tréigthe i ngrian

níor thuig mé
tairbhe a thionchair
ní fhacthas
fírinnteacht a fhocal
ná cumhacht
a chomhairle

go raibh sé
fuar san uaigh
is gan smid as

Dánta le Colin Ryan

Duine

Chonaic sé é féin
ag an mbord
mar a d'fheicfí duine i bpictiúr
ag crochadh na gloine

amhrán séimh aniar
is solas an lae aduaidh
an fiach dubh amuigh
ina armas
ar bhinn

Trí scannán

1.
Tagann an bhean inár dtreo
ag gabháil
thar imeall an fhráma

na scamail thiar ina gcarn
an ghaoth aniar thar pháirceanna

is seál na mná fágtha
mar chomhartha ar an mbóthar

2.
An fear ag rith
trí lánaí
um thráthnóna
na madraí ag tafann
an t-am ag imeacht
an t-am ina stad
trí urchar

3.
Cailín amú
i gcuilthe staire
í díocasach
dobrónach

an impireacht
i ngúnaí áille
ar an aimsir úd

na sráideanna ag dorchú